Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Nollaig 2021
(OR. en)

14568/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0353(COD)**

**ENV 951**
**ENT 188**
**MI 907**
**CODEC 1574**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13135/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13944/20 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

An 10 Nollaig 2020, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020[1].

Tá scrúdú teicniúil á dhéanamh ar an togra ag an Mheitheal um an gComhshaol (WPE).

[1] 13944/20 + ADD 1.

Is é is aidhm don togra, bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, creat reachtach an Aontais le haghaidh ceallraí a nuachóiriú, i gcomhthéacs an éilimh mhéadaithe ar fhorbairt agus ar tháirgeadh ceallraí. Tar éis trí ghrúpa fadhbanna a shainaithint sa togra a eascraíonn as teipeanna margaidh agus faisnéise agus a bhfuil dlúthbhaint acu le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (i.e. an easpa coinníollacha creata lena gcuirtear dreasachtaí ar fáil chun infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht táirgthe le haghaidh ceallraí inbhuanaithe, feidhmiú fo-optamach na margaí athchúrsála agus lúba ábhair nach bhfuil dúnta go leor, agus rioscaí sóisialta agus comhshaoil nach gcumhdaítear le dlí comhshaoil an Aontais), leagtar amach ann trí chuspóir a bhfuil naisc láidir eatarthu:

- feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú trína áirithiú go mbeidh cothrom na Féinne ann trí thacar rialacha comhchoiteanna;
- geilleagar ciorclach a chur chun cinn;
- na tionchair chomhshaoil agus shóisialta a laghdú i gcaitheamh na gcéimeanna uile de shaolré ceallraí.

D'eisigh Uachtaránacht na Portaingéile roinnt páipéir leathoifigiúla agus dréacht-téacs comhréitigh maidir le Caibidil II (Ceanglais maidir le hinbhuaine agus sábháilteacht) agus maidir le Caibidil VII (Ceallra i ndeireadh a ré a bhainistiú) agus d'ullmhaigh sí tuarascáil ar dhul chun cinn, a scrúdaigh an Chomhairle Comhshaoil an 10 Meitheamh 2021[2]. Ag an tráth sin, chuir na hairí in iúl roinnt príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach, go háirithe an méid seo a leanas:

- an bunús dlí;
- an gá atá le solúbthacht agus bainistiú ceallraí dramhaíola á bhunú agus á chur chun feidhme ;
- measúnú agus srianta ar cheimiceáin i gceallraí;
- ceanglais maidir le dícheall cuí sa slabhra soláthair;

[2] 9052/1/21 REV 1.

- ceanglais inbhuaine agus feidhmíochta maidir le ceallraí;
- spriocanna bailithe agus athchúrsála;
- catagóir ar leith i gcomhair ceallraí ó chóracha iompair éadroma a áireamh, agus
- spriocdhátaí cur chun feidhme.

Chuir na hairí in iúl freisin go raibh imní orthu faoin líon mór gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme.

## II. AN STAID REATHA SA CHOMHAIRLE[3]

Rinne Uachtaránacht na Slóivéine iarracht aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin le linn na 13 fhíschomhdháil neamhfhoirmiúla a reáchtáladh go dtí seo maidir leis an togra ceallraí. Rinneadh an plé go príomha ar bhonn barúlacha i scríbhinn a thíolaic na toscaireachtaí, agus ar bhonn páipéir leathoifigiúla arna n-eisiúint ag an Uachtaránacht. Scaipeadh dréacht-téacs comhréitigh ón Uachtaránacht[4] lena gcumhdaítear na Caibidlí uile den togra, seachas Caibidil VII. Déanfar téacs comhréitigh athbhreithnithe lena gcumhdaítear na Caibidlí uile a ullmhú agus a dháileadh faoi dheireadh na hUachtaránachta.

Seo a leanas an staid mar atá maidir leis na príomh-shaincheisteanna:

**Bunús dlí**

Measadh ar cheart Airteagal 192 CFAE a chur leis an togra ón gCoimisiún mar bhunús dlí, agus aird ar leith á tabhairt ar chineál Chaibidil VII maidir le ceallraí dramhaíola a bhainistiú.

[3] Chuir an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia de chuid Pharlaimint na hEorpa a dhréacht-tuarascáil síos i mí Mheán Fómhair inar leagadh síos 232 leasú ar an togra ón gCoimisiún.

[4] 13135/21.

**Raon feidhme**

Is mian le roinnt Ballstát cealla ceallraí a chur faoi na hoibleagáidí céanna agus atá ar cheallraí. Ina theannta sin, tá tacaíocht ghinearálta ann chun catagóir ar leith ceallraí a chruthú le haghaidh ceallraí ó chóracha iompair éadroma. Mar sin féin, tá roinnt saincheisteanna gaolmhara fós gan réiteach, amhail na ceanglais ar cheart feidhm a bheith acu maidir leis an gcatagóir seo, an chaoi chun bailiú ar leith na gceallraí sin a eagrú agus ar cheart na ceallraí sin a bheith faoi réir spriocanna bailithe ar leith.

**Forálacha ginearálta**

Caithfear foclaíocht bheacht roinnt sainmhínithe a oiriúnú níos déanaí nuair a chomhaontófar téacs na bhforálacha gaolmhara. Ar an gcaoi chéanna, ní mór an plé maidir le spriocdhátaí, idirthréimhsí, gníomhartha cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe a chur siar go dtí go gcobhsófar an téacs comhréitigh a thuilleadh.

**Ceanglais inbhuaine**

Cé go bhfuil tacaíocht ghinearálta ann do cheanglais inbhuaine uaillmhianacha, iarrann roinnt Ballstát go mbeadh spriocdhátaí réasúnta ann d’fhonn oibreoirí eacnamaíocha a chumasú na ceanglais níos déine a leagtar síos sa togra a chur in oiriúint, agus i gcomhair cineálacha cur chuige indéanta maidir le paraiméadair éagsúla a ríomh i bhfianaise leibhéal na monarchan monaraíochta. Cuireadh ábhair imní in iúl freisin maidir le comhchuibheas le rialacha idirnáisiúnta agus le reachtaíocht earnála. I ndáil leis na ceanglais inbhuaine baineann an phríomh-shaincheist, áfach, leis an nós imeachta maidir le srianadh ceimiceán, agus tá roinnt Ballstát den tuairim gur cheart ceimiceáin a fhágáil faoi ‘scáth’ aonair REACH.

**Comhréireacht ceallraí, nósanna imeachta um fhógra a thabhairt, faireachas margaidh**

Cuireann na Ballstáit in iúl gur ábhar imní dóibh an gaol idir toimhde maidir le comhréireacht agus tástáil ceallraí (Airteagal 15) agus an gaol idir caighdeáin chomhchuibhithe agus sonraíochtaí comhchoiteanna (Airteagal 15 agus Airteagal 16), agus na modúil um measúnú comhréireachta ceallraí (Airteagal 17 agus Iarscríbhinn VIII), i gcás ina moltar modúil mhalartacha.

Maidir le nósanna imeachta um fhógra a thabhairt, molann roinnt Ballstát deimhniú creidiúnaithe éigeantach chun fógra a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta (Airteagal 25).

Maidir le faireachas margaidh, tarraingíonn na Ballstáit ar aird dúbailt na bhforálacha a d'fhéadfaí a dhéanamh agus ar an ngá atá le hailíniú breise le téacs tagartha an chreata reachtaigh nua le haghaidh táirgí agus leis an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh a áirithiú.

**Oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha**

Cuireadh go leor ábhair imní in iúl maidir le hoibleagáidí an ionadaí údaraithe, maidir lena phróiseas ainmniúcháin ag an monaróir, maidir lena shainordú agus maidir lena fhreagrachtaí. Ardaíodh an gá le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le hoibleagáidí margaí ar líne, leis na ceanglais maidir le ceallraí a bhaint agus a athsholáthar (in Airteagal 11) agus le hoibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha éagsúla i gclár na dtáirgeoirí maidir leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeoirí.

**Ceanglais maidir le faisnéis agus lipéadú agus malartú leictreonach faisnéise**

Tá imní ghinearálta ann faoin easpa soiléireachta agus faoin dúbailt a d'fhéadfaí a dhéanamh ar cheanglais faisnéise agus sonraí. Go háirithe, tá ceisteanna ag na Ballstáit maidir le ceanglais an phas ceallra, na sonraí agus an fhaisnéis a áirítear ann agus an gaol atá aige leis an gCóras um Malartú Leictreonach agus leis an gCóras Bainistithe Ceallraí agus an nasc atá idir an pas agus an dá chóras sin. Molann roinnt Ballstát go n-áireofaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra tábla ina leagfar síos na ceanglais faisnéise uile.

**Oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair**

Maidir le ceanglais díchill chuí, cuireann tromlach na mBallstát in iúl gur gá comhchuibheas a áirithiú leis an reachtaíocht chothrománach, eadhon an tionscnamh reachtach maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe a fógraíodh, agus le gníomhartha nó treoirlínte dlí eile lena rialaítear an réimse sin.

Tacaíonn na toscaireachtaí le ceanglais díchill chuí sa slabhra soláthair a leithdháileadh ar chaibidil eile.

Ní mór aird ar leith a thabhairt ar an nós imeachta um measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí díchill chuí, agus iarrann na Ballstáit ar an gCoimisiún treoirlíne a ullmhú a bheidh le heisiúint go tráthúil.

## III. CONCLÚID

Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta ag toscaireachtaí faoi láthair. Ar bhonn an phlé a rinneadh go dtí seo, áfach, tá an Uachtaránacht den tuairim go gcuireann na dréacht-téacsanna comhréitigh, atá bunaithe den chuid is mó ar bharúlacha ó na toscaireachtaí, go mór leis an téacs a shoiléiriú.

Rinneadh a lán forálacha a athdhréachtú chun comhchuibheas an téacs a fheabhsú, go háirithe chun oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha éagsúla a shoiléiriú maidir le ceallraí a chur ar an margadh nó bainistiú iomchuí ceallraí dramhaíola a áirithiú. Tá athrú suntasach tugtha isteach ar fhaireachas margaidh, ar cheanglais díchill chuí sa slabhra soláthair agus ar na modúil um measúnú comhréireachta ar cheallraí i ndáil le faireachas margaidh. Rinneadh roinnt athruithe freisin ar struchtúr na gceanglas maidir le faisnéis agus lipéadú chun oibleagáidí a fhoirmliú go soiléir agus chun dúbailt na bhforálacha a sheachaint.

Mar sin féin, agus d'fhonn creat reachtach soiléir a chur ar fáil, beidh gá tuilleadh oibre a dhéanamh ar cheisteanna atá níos cothrománaí, amhail an leibhéal uaillmhéine maidir le spriocanna agus spriocdhátaí, na ceanglais maidir le bainistiú ceallraí dramhaíola agus an nasc leis an Treoir Réime Dramhaíola, soiléiriú coincheapa agus próiseas maidir le dara húsáid na gceallraí agus, ar ndóigh, cumhachtú don Choimisiún. Ina theannta sin, is gá tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna teicniúla atá fós gan réiteach, i ngeall ar *inter alia* chastacht an togra. Baineann sé sin go háirithe le ceallraí ó chóracha iompair éadroma a leithdháileadh ar chatagóir ar leith, leis na ceanglais maidir le faisnéis, leis an leibhéal solúbthachta maidir le bainistiú ceallraí dramhaíola, agus leis na ceanglais maidir le hathúsáid nó athrú cuspóra ceallraí.

Leis an bplé breise atá beartaithe i mí na Nollag maidir le saincheisteanna áirithe, ba cheart go mbeifí in ann tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le hathbhreithniú ar an togra comhréitigh a ullmhú.

Tá Uachtaránacht na Slóivéine tiomanta leanúint den obair ar théacs comhréitigh agus comhordóidh sí le hUachtaránacht nua na Fraince chun leanúint an phlé sa Mheitheal um an gComhshaol a éascú agus chun dul chun cinn rianúil ar an gcomhad sa Chomhairle a áirithiú.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil ar dhul chun cinn a thabhairt dá aire agus í a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.